# Ceacht a Sé — An Briathar “bí” — 
# Lesson Six — The Verb “be” — 

| | | |
|---|---|---|
| **1.** | **Bí** cúramach. | **Be** careful. |
| | **Bígí** cúramach. | [Y’all] **be** careful. |
| **2.** | **Bhí** mé sa bhaile. | I **was** at home. |
| | **An raibh** tú sa bhaile? | **Were** you at home? |
| | Bhí / Ní raibh | Yes / No |
| | **Nach raibh** sé sa bhaile? | **Wasn’t** he at home? |
| | **Ní raibh** sí sa bhaile. | She **wasn’t** at home. |
| | **Bhíomar** sa bhaile. | **We were** at home. |
| | **An raibh** sibh sa bhaile? | **Were** y’all at home. |
| | **Bhí** siad sa bhaile. | They **were** at home. |
| | **Cá raibh** tú? | **Where were** you? |
| **3.** | **Bím** sa bhaile ar maidin. | **I am buying** at home in the morning. |
| | An **mbíonn** tú sa bhaile ar maidin? | **Are** you at home in the morning. |
| | Bím / Bíonn | Yes |
| | Ní bhím / Ní bhíonn | No |
| | **Nach mbíonn** sé sa bhaile ar maidin? | **Isn’t** he at home in the morning? |
| | **Ní bhíonn** sí sa bhaile ar maidin. | She **isn’t** at home in the morning. |
| | **Bímid** sa bhaile ar maidin. | **We are** at home in the morning. |
| | **An mbíonn** sibh sa bhaile ar maidin? | **Are** y’all at home in the morning. |
| | **Bíonn** siad sa bhaile ar maidin. | They **are** at home in the morning. |
| | **Cá mbíonn** tú ar maidin? | **Where are** you in the morning? |
| **4.** | **Beidh** mé sa bhaile ar maidin. | I **will be** at home in the morning. |
| | An **mbeidh** tú sa bhaile ar maidin? | **Will** you **be** at home in the morning. |
| | Beidh / Ní bheidh | Yes / No |
| | **Nach mbeidh** sé sa bhaile ar maidin. | **Won’t** he **be** at home in the morning? |
| | **Ní bheidh** sí sa bhaile ar maidin. | She **won’t be** at home in the morning. |
| | **Beidh** muid sa bhaile ar maidin. | We **will be** at home in the morning. |
| | **An mbeidh** sibh sa bhaile ar maidin? | **Will** y’all **be** at home in the morning. |
| | **Beidh** siad sa bhaile ar maidin. | They **will be** at home in the morning. |
| | **Cá mbeidh** tú ar maidin ar maidin? | **Where will** you **be** in the morning? |
| **5.** | **Bheinn** sa bhaile. | **I would be** at home. |
| | **An mbeifeá** sa bhaile? | **Would you be** at home. |
| | Bheinn / Ní bheinn | Yes / No |
| | **Nach mbeadh** sé sa bhaile? | **Wouldn’t** he **be** at home? |
| | **Ní bheadh** sí sa bhaile. | She **wouldn’t be** at home. |
| | **Bheimis** sa bhaile. | **We would be** at home. |
| | **An mbeadh** sibh sa bhaile? | **Would you be** at home. |
| | **Bheidís** sa bhaile. | They **would be** at home. |
| | **Cá mbeifeá**, murach mise? | **Where would you be**, were it not for me? |
| **6.** | Ar mhaith leat **bheith** i do rí? | Would you like **to be** a king? |

| Comhrá | Conversation |
|---|---|
| A: **An raibh** tú in Éirinn riabh? | **Were** you ever in Ireland? |
| B: **Ní raibh**. **An raibh** tusa ann? | No (**wasn't**). **Were** you there. |
| A: **Bhí**. Bhí mé ann anuraidh. | Yes (**was**). I **was** there last year. |
| B: **An mbíonn** tú ann go minic? | **Are** you there often? |
| A: **Bíonn**. **Bím** ann minic go leor. | Yes (**be**). **I'm** there quite often. |
| B: **An mbeidh** tú ag dul ann i mbliana? | Will you be there this year? |
| A: **Ní bheidh** i mbliana. | Not (**won't be**) this year. |
| **Beidh** mé ann an bhliain seo chugainn. | I **will** be there next year. |
| B: Ba bhreá liomsa **a bheith** ann. | I would love **to be** there? |
| A: **An mbeifeá** sásta dul ann liomsa? | **Would you be** happy to go there with me? |
| B: **Bheinn** lán-sásta dul leat. | **I would be** very happy to go with you. |

| Ceisteanna | Questions |
|---|---|
| 1. **An raibh** tú in Éirinn riamh? | **Were** you ever in Ireland? |
| 2. **An raibh** tú i dtír eile riamh? | **Were** you ever in another country? |
| 3. **An mbíonn** tú ar an trá go minic? | **Are** you often at the beach? |
| 4. **An mbíonn** tú amuigh ag siúl go minic? | **Are** you often out walking? |
| 5. **An mbeidh** tú in Éirinn i mbliana? | **Will** you **be** in Ireland this year? |
| 6. An fearr leat **a bheith** ag siúl nó ag rith? | Do you prefer (**to be**) walking or running? |
| 7. **An mbeifeá** sásta codladh i bpuball? | **Would you be** happy to sleep in a tent? |
| 8. **Cá raibh** tú ar an deireadh seachtaine? | **Where were** you on the weekend? |
| 9. **Cá mbíonn** tú ag am lóin? | **Where are** you at lunch time? |
| 10. **Cá mbeidh** tú sa samhradh? | **Where will** you be in the summer? |

| | **<u>Dúnmharú ar an Dart 2</u>**<br>**le Ruaidhraí Ó Báille** | **<u>Murder on the Dart 2</u>**<br>**by Ruadhraí Ó Báille** |
|---|---|---|
| 1. | Sna seanlaethanta bhí sé ábalta scread amháin a thabhairt uaidh, agus bhí ciúnas iomlán sa rang, | In the old days, he was able to scream one time, and there was complete quiet in the class, |
| 2. | ach inné thosaigh Billy 'Bréan' Ó Ruairc ag caitheamh coinfeití ar Mháire Ní Mhurchú agus Tomás De Bhál. | but yesterday, 'Stinky' Billy O'Roark began throwing confetti on Mary Murphy and Tom Wall. |
| 3. | Nuair a dúirt Niall leis suí síos, d'fhéach an buachaill air le gáire salach ar a aghaidh agus dúirt sé | When Niall told him to sit down, the boy looked at him with a foul smile on his face and said |
| 4. | "Téigh abhaile a Mháistir. Tá tú róshean. Téigh abhaile agus faigh bás!" | "Go home, Master. You're too old. Go home and die!" |
| 5. | Róshean ag 42 (daichead a dó)! | Too old at forty two! |
| 6. | Tháinig cuma dhorcha ar aghaidh Niall. | Niall's face darkened. |
| 7. | Bhí Billy 'Bréan' Ó Ruairc tar éis scamall a chur ar an áthas a bhí air ag teacht amach ón scoil. | "Smelly" Billy O'Roark had just put a cloud over the happiness he had coming out from the school. |
| 8. | Bhí sé tuirseach den obair seo. | He was tired of this work. |
| 9. | Ba leathamadán é Ó Ruairc. | O'Roark was a half-wit. |
| 10. | Bhí sé a seacht déag ar a laghad agus fós ní raibh an Teastas Sóisearach déanta aige. | He was at least seventeen and still hadn't done his Junior Leaving Certificate. |
| 11. | Bhí sé fós ar scoil mar nach raibh aon áit eile le dul aige. | He was still at school because he didn't have any other place to go. |
| 12. | Ach má ba leathamadán féin é, bhí an ceart aige an uair seo. | But event if he was a half-wit, he was right this time. |
| 13. | Post do dhuine óg é post an mhúinteora. | A teacher's job is a job for a young person. |
| 14. | Chaith Niall an lá ar fad ag léamh an pháipéir agus ag féachaint ar an teilifís. | Niall spent the whole day reading the paper and looking at the television. |
| 15. | Bhí an scamall imithe anois agus bhí sé breá sásta leis féin arís. | The cloud was gone now and he was pleased with himself again. |
| 16. | Ag a trí a chlog, chuala sé an teileafón ag bualadh. | At three o'clock, he heard the telephone ringing. |
| 17. | "A Mháire, freagair é sin." | "Mary, answer that." |
| 18. | "Freagair tú féin é!" | "Answer it yourself!" |
| 19. | 'Biggles' a bhí ann. | It was 'Biggles'. |